

An Plean Soghluaisteachta Tuaithe Éire a Nascadh

Iompar Poiblí a Fheabhsú
ar fud Cheantar Tuaithe
na hÉireann

Tuarascáil Achoimre



Clár Ábhar

1	Réamhrá	3
2	Ról an Údaráis Náisiúnta Iompair i bhFeabhas a Chur ar an nGréasán Iompair Phoiblí	4
3	Na Buntáistí a Ghabhann le ‘Éire a Nascadh’	6
4	An Creat Beartais	7
5	An Acmhainneacht le haghaidh Fhás an Iompair Phoiblí	9
6	Bearnaí sa Ghréasán a Shainaithint	13
7	Ár gCur Chuige i leith an Gréasán a Fhorbairt	20
8	An Comhairliúchán Poiblí	23

1 Réamhrá

Is é is Éire a Nascadh – An Plean Soghluaisteachta Tuaithe ann ná mórthionscnamh náisiúnta iompair phoiblí ar fhorbair an tÚdarás Náisiúnta Iompair é d’fhonn nascacht a mhéadú, go háirithe do dhaoine a chónaíonn lasmuigh dár gcuid cathracha agus bailte móra.

Tá sé mar aidhm leis an bplean feabhas a chur ar shoghluaisteacht i gceantair thuaithe. Déanfaidh sé amhlaidh trí naisc níos fearr a sholáthar idir sráidbhailte agus bailte trí iad a cheangal le gréasán réigiúnach feabhsaithe lena nascfar cathracha agus lárionaid réigiúnacha ar fud na tíre.

Tá sé mar aidhm le ‘Éire a Nascadh’ an t-iompar poiblí do phobail tuaithe a dhéanamh níos úsáidí do níos mó daoine, agus bainfidh sé an aidhm sin amach trí na nithe seo a dhéanamh:

- ▶ Feabhas a chur ar na seirbhísí atá ann cheana;
- ▶ Seirbhísí nua a chur leis; agus
- ▶ Feabhas a chur ar an ngréasán iompair reatha atá Freagrúil don Éileamh, a fhreastalaíonn ar riachtanais iompair na ndaoine a chónaíonn in áiteanna iargúlta.

Thug an tÚdarás Náisiúnta Iompair (an tÚdarás) faoi anailís chuimsitheach chun tuiscint níos fearr a ghnóthú ar cá bhfuil feabhsuithe ar sheirbhísí tuaithe bus ag teastáil d’fhonn naisc nua fheabhsaithe a thabhairt isteach idir sráidbhailte agus bailte agus rochtain níos fearr a thabhairt ar iompar poiblí i gceantair thuaithe.

Mar thoradh ar na feabhsuithe sin, cruthófar córas níos éifeachtaí níos comhtháite lena dtabharfar daoine i gceantair thuaithe chuig na háiteanna ar mian leo dul chucu nuair is mian leo dul chucu.

Tá ‘Éire a Nascadh’ ar an gcéad phlean iompair phoiblí tuaithe dá chineál riamh in Éirinn agus ba mhaith linn do thuairimí a fháil ar na tograí uainn chun cabhrú le todhchaí ghréasán iompair phoiblí na hÉireann a mhúnlú.

2 Ról an Údaráis Náisiúnta Iompair i bhFeabhas a Chur ar an nGréasán Iompair Phoiblí

Bunaíodh an tÚdarás Náisiúnta Iompair sa bhliain 2009 agus déanann sé formhaoirseacht ar fhorbairt an ghréasáin iompair phoiblí. Sa ról sin, tá sé mar chuspóir sáraitheach ag an Údarás Náisiúnta Iompair a chinntiú go ndéanfar seirbhísí iompair phoiblí a dhearadh agus a chur chun feidhme chun na heispéiris is fearr is féidir a chinntiú do na daoine sa phobal a bhíonn ag taisteal. Is cuid dhílis é sin de gach a ndéanaimid.

Tá roinnt feidhmeanna ag an Údarás Náisiúnta Iompair maidir leis an iompar poiblí:

Seirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí

Gach bliain, cuireann an tÚdarás Náisiúnta Iompair cistiú ar fáil d'oibrítheoirí iompair phoiblí le haghaidh seirbhísí iompair phoiblí ar éigeantas sóisialta iad a sholáthar in Éirinn. Soláthraíonn oibrítheoirí amhail Bus Éireann, Iarnród Éireann, Bus Átha Cliath, Transdev agus Go-Ahead Ireland na seirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí sin faoi chonradh leis an Údarás Náisiúnta Iompair.

Ní hé amháin go ndéanann an tÚdarás Náisiúnta Iompair faireachán ar sholáthar an ghréasáin seirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí ach oibríonn sé go réamhghníomhach le hoibrítheoirí freisin chun feabhas a chur ar éifeachtacht na seirbhísí atá ann cheana agus chun seirbhísí nua a thabhairt isteach chun freastal ar riachtanais a bhíonn ag athrú. Áirítear leis an ngréasán seirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí seirbhísí bus cathrach agus baile agus bealaí fadachair lena nasctar bailte agus sráidbhailte, anuas ar sheirbhísí áitiúla lena nasctar ceantair tuaithe chuig bailte agus sráidbhailte in aice láimhe.

Seirbhísí Bus Poiblí Ceadúnaithe

Faoin Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009 (Acht 2009), tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair freagrach as seirbhísí bus poiblí do phaisinéirí a cheadúnú. Tugtar 'seirbhísí bus tráchtála' ar sheirbhísí bus poiblí ceadúnaithe do phaisinéirí go minic toisc go n-oibrítear iad gan aon fhóirdheontas poiblí ón Údarás Náisiúnta Iompair. Soláthraíonn seirbhísí bus tráchtála seirbhísí ar chuid shuntasach den ghréasán idiruirbeach agus réigiúnach iompair phoiblí, agus naisc á soláthar acu chuig cathracha agus chuig mórchinn scríbe eile amhail bailte móra agus aerfoirt. Soláthraíonn seirbhísí bus tráchtála naisc chuig bailte agus sráidbhailte tuaithe freisin.

An Clár Iompair Tuaithe

Cistíonn an tÚdarás Náisiúnta Iompair an Clár Iompair Tuaithe, rud a mbainistíonn 15 oifig Naisc Áitiúil é ar an leibhéal áitiúil thar ceann an Údaráis Náisiúnta Iompair. Bainistíonn gach oifig Naisc Áitiúil seirbhísí éagsúla. Áirítear leo seirbhísí bus sceidealaithe tráthrialta lena nasctar ceantair agus sráidbhailte tuaithe chuig bailte móra in aice láimhe, agus lompar atá Freagrúil don Éileamh, rud a sholáthraíonn nascacht bhunriachtanach do cheantair thuithe iargúlta.


Rannchuideoidh na cineálacha difriúla seirbhísí sin ar dhóigh thábhachtach le baint amach an bheartais rialtais a bhfuil mar aidhm leis an pobal a spreagadh chun níos mó úsáide a bhaint as modhanna inbhuanaithe iompair. Imreoidh gach cineál seirbhíse ról bunriachtanach i gcuspóirí uailmhianacha 'Éire a Nascadh' a bhaint amach.

3 Na Buntáistí a Ghabhann le ‘Éire a Nascadh’

Cuirfidh an gréasán feabhsaithe go mór leis an idirnascacht idir pobail

Measaimid gurb é an toradh a bheidh ar chur chun feidhme na bhfeabhsuithe seirbhíse a eascróidh as obair ‘Éire a Nascadh’ go ndéanfar na nithe seo:

- ▶ Beidh rochtain ag níos mó ná 70% de dhaoine a chónaíonn lasmuigh de na Cathracha ar sheirbhís iompair phoiblí a sholáthraíonn trí thuras fillidh ar a laghad gach lá le linn na seachtaine chuig baile in aice leo
- ▶ Roghanna soghluaisteachta feabhsaithe a thabhairt do dhaoine i gceantair iargúlta, agus seirbhísí atá Freagrúil don Éileamh agus seirbhísí nuálacha eile iompair á soláthar
- ▶ Níos mó ná 100 nasc nua a sholáthar chuig Lárionaid Áitiúla ó lonnaíochtaí tuaithe sa chúlchríoch
- ▶ Níos mó ná 100 nasc nua a sholáthar chuig Bailte Contae ó gach cineál lonnaíochta timpeall Bailte Contae agus
- ▶ Níos mó ná 60 nasc nua a sholáthar chuig Lárionaid Réigiúnacha nó Cathracha ó gach cineál lonnaíochta timpeall na Lárionad nó na gCathracha sin.



4 An Creat Beartais

Tá raon Beartas Náisiúnta mar bhonn agus thaca ag ‘Éire a Nascadh’ agus rannchuideoidh é go mór leis na beartais sin a bhaint amach.

An Plean Gnímh don Aeráid 2019

Tá an fhreagairt phráinneach don Athrú Aeráide ina cuid dhílis den tsraith reatha Straitéisí Náisiúnta agus Beartas Náisiúnta arna bhfoilsíú ag an Rialtas. Is é an Plean Gnímh don Aeráid an ceann is tábhachtaí díobh sin. Socraítear ann spríocanna uailmhianacha le haghaidh úsáid carbóin a laghdú san earnáil iompair, áit a ngealltar go laghdófar astaíochtaí faoi 50% faoin mbliain 2030. Iarrtar ann freisin go dtógfaí 500,000 turas sa bhreis in aghaidh na seachtaine trí mhodhanna inbhuanaithe iompair faoin mbliain 2035. Ní bheifear in ann an dá ghealltanais sin a chomhlíonadh mura gcuirtear feabhas ar an rochtain ar iompar poiblí níos fearr ar fud na hÉireann.

An Creat Náisiúnta Pleanála

Is é Tionscadal Éireann 2040 – An Creat Náisiúnta Pleanála an creat straitéiseach lena gcuirtear tús le lear pleananna réigiúnacha agus áitiúla. Bhí Tionscadal Éireann 2040 ina bhonn lenár gcur chuige i leith Éire a Nascadh. Is é an toradh a bheidh ar chur chun feidhme an phlean go gcabhrófar le roinnt torthaí straitéiseacha de chuid an Chreata Náisiúnta Pleanála a chomhlíonadh, amhail ‘Soghluaisteacht Inbhuanaithe’, Nascacht Réigiúnach Fheabhsaithe, agus Geilleagair agus Pobail Tuaithe Níos Láidre.

Clár an Rialtais


Tá sé i gceist leis na gealltanais i gClár an Rialtais go ndéanfaí plean inbhuanaithe soghluaisteachta tuaithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Thabharfaí isteach le plean den sórt sin caighdeán seirbhíse iompair phoiblí faoina mbeidh rochtain leordhóthanach ag gach lonnaíocht os cionn daonra áirithe ar ghréasán iompair phoiblí Transport for Ireland. D’áireofaí leis sin taisteal chun críocha oibre agus oideachais agus le haghaidh siopadóireacht a dhéanamh, cuairt a thabhairt ar chairde agus ar bhaill teaghlaigh, páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí pobail agus fóillíochta, seirbhísí cúram sláinte a rochtain, agus tabhairt faoi na cineálacha eile turais ar mhaith le daoine tabhairt fúthu.

Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann, Beartas Forbartha Tuaithe 2021-2025

Leagtar béim láidir in ‘Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann’ ar mhoil chianoibre mar rud a spreagfadh athnuachan na mbailte tuaithe. Cuid thábhachtach de dhéanamh amhlaidh is ea rochtain níos fearr ar na bailte sin agus amach astu a sholáthar. Cinnteoidh ‘Éire a Nascadh’ go mbeifear in ann athruithe ar an bpatrún freastail ar an obair a dhéanamh ar dhóigh inbhuanaithe trí iompar poiblí níos fearr a sholáthar ar an leibhéal áitiúil agus trí

ÉIRE A NASCADH

Tá sé ag teacht leo seo:



An Creat Náisiúnta Pleanála

Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta: Soghluaisteacht Inbhuanaithe, Nascacht Réigiúnach Fheabhsaithe, agus Geilleagair agus Pobail Tuaithe Níos Láidre

An Plean Forbartha Náisiúnta

Tosaíochtaí Infheistíochta: Iompar Poiblí atá Inbhuanaithe ó Thaobh an Chomhshaoil de, Gníomhú ar son na hAeráide, Forbairt Tuaithe

An Plean Gnímh don Aeráid

Laghú 50% in astaíochtaí CO₂ ó Iompar faoin mbliain 2030
500,000 turas sa bhreis in aghaidh na seachtaine a thógáil trí mhodhanna inbhuanaithe iompair faoin mbliain 2035

Straitéisí Réigiúnacha Spásúlachta agus Eacnamaíochta

Pleananna Forbartha Áitiúla

Straitéisí Earnála e.g. Fáilte Éireann, Gníomhaireacht Forbartha Tionscail Éireann

5 An Acmhainneacht le haghaidh Fhás an Iompair Phoiblí


Ról an Iompair Phoiblí i dtéarnamh geilleagrach agus sóisialta na hÉireann tar éis na paindéime

Ceann de na dúshláin is mó a bhfuil an t-iompar poiblí ag dul i ngleic leo le blianta beaga anuas is ea paindéim Covid-19. De réir mar a bhreathnaímid ar aghaidh agus a thosaíonn an earnáil ag téarnamh, is eol dúinn go bhfuil seans maith ann go rachaidh a lán ama thart sula bhfillfear ar na leibhéil úsáide a bhí ann roimh an bpaindéim. Mar thoradh ar an ngá práinneach le rannchuidiú le cuspóirí beartais náisiúnta maidir le laghdú astaíochtaí agus le forbairt inbhuanaithe, áfach, ní mór dúinn dlús a chur leis an téarnamh sin chomh tapa agus is féidir linn. Is é is 'Éire a Nascadh' ann ná ár bplean soiléir uailmhianach chun dlús a chur leis an téarnamh sin agus, go deimhin, úsáid iompair poiblí níos fearr fós a bhaint amach trí chlúdach an ghréasáin a leathnú agus trí fheabhas a chur ar a éifeachtaí atá sé maidir le freastal ar éilimh nua agus athraitheacha ar an iompar.

Roimh an bpaindéim, bhíomar ag feiceáil fás mór san úsáid a bhí á baint as iompar poiblí ar fud na tíre.

Idir an bhliain 2012 agus an bhliain 2019, bhí méadú 40% ann sa líon paisinéirí ar sheirbhísí iompair poiblí. Bhí fás breise ann freisin sa líon paisinéirí ar sheirbhísí iompair Tuaithe ar a dtugtar Nasc Áitiúil TFI, a d'iompair 2.5m paisinéir ina mbuaic.

An Líon Bliantúil Paisinéirí ar Iompar Poiblí (léirithe ina mhilliúin)



Bearnaí sa ghréasán atá ann cheana

Mar chuid den tionscnamh ‘Éire a Nascadh’, chuir an tÚdarás Náisiúnta Iompair measúnú cuimsitheach de réir contae i gcrích ar an ngréasán reatha seirbhísí rialta iompair phoiblí atá ag oibriú ar fud na tíre. Is é an toradh atá air sin gur tugadh tuiscint shoiléir dúinn ar cé chomh maith is atá an gréasán iompair phoiblí ag freastal ar ár gcuid bailte agus sráidbhailte i láthair na huaire maidir leis na leibhéil seirbhíse a sholáthraítear ag amanna áirithe sa lá agus ar laethanta áirithe sa tseachtain. Chomh maith leis sin, chabhraigh sé linn na fadhbanna a shainathint go soiléir, amhail bearnaí sa ghréasán in áiteanna nach bhfuil fáil iontu ar an rogha chun iompar poiblí a úsáid.

Cur chuige nuálach a ghlacadh

Níl dlús ard daonra ag Éirinn. Lasmuigh de na mór-lárionaid uirbeacha, tá patrún lonnáiachta na hÉireann dáilte ar bhealach fíorscaipthe. Dá bhrí sin, tá sé doiligh seirbhísí iompair phoiblí lena bhfreastalófar ar riachtanais gach duine a eagrú ar bhealach atá éifeachtúil ó thaobh costas de. I gceantair thuaithe an-iargúlta, tá seans ann go bhfuil an t-éileamh ar thaisteal chomh híseal sin is go gcuirtear bac ar sheirbhísí traidisiúnta bus a sholáthar. Is féidir gur fearr freastal ar na riachtanais sin ach modhanna nuálacha a úsáid, mar atá seirbhísí atá freagrúil don éileamh, seirbhísí áitiúla fruilchairr nó scéimeanna cairr pobail. Ar na tosca eile a fhágann go bhfuil sé doiligh iompar poiblí éifeachtach a sholáthar i gceantar tuaithe na hÉireann tá pobal atá ag dul in aois, ar pobal é a mbíonn soghluaisteacht níos ísle aige den chuid is mó, agus an treocht i measc na ndaoine óga sa phobal ceantair thuaithe a fhágáil chun tabhairt faoi dheiseanna fostaíochta agus oideachais sna bailte agus sna cathracha.

Nasc Áitiúil TFI – scéal ratha do cheantar tuaithe na hÉireann

Is é an toradh atá ar Nasc Áitiúil TFI, arb é an Clár Iompair Tuaithe atá ann cheana é, go soláthraítear nascacht bhunriachtanach ar fud na tíre. Soláthraítear leis rochtain ar ghnáthsheirbhísí laethúla, ar shaoráidí fóillíochta, ar ionaid oideachais agus ar chinn scríbe turasóireachta do dhaoine a chónaíonn in Éirinn agus do chuirteoirí ó thíortha eile araon. Mar thoradh ar ‘Éire a Nascadh’, bainfear leas i bhfad níos mó as na buntáistí atá soláthartha ag an gClár Iompair Tuaithe cheana féin.

Ar na samplaí de roinnt scéalta ratha le déanaí tá...

Tulach an Iarainn go Dún Garbhán

Is é Bealach 363, Tulach an Iarainn go Dún Garbhán, an bealach is mó úsáid ar an ngréasán Nasc Áitiúil ar fad. Leis an tseirbhís sin, nasctar Tulach an Iarainn, Líos Mór agus Ceapach Choinn chuig Dún Garbhán. D’iompair an tseirbhís breis agus 67,000 paisinéir sa bhliain 2019. Bíonn ag méadú ar an tóir ar an mbealach, agus an úsáid ag méadú an athuir tar éis mhaolú shrianta Covid-19 ar an iompar poiblí i mblíana.



Bealaí Bhaile an Chabháin

Oibríonn Bealaí C1, C2 agus C3 uile isteach i mBaile an Chabháin agus amach as, agus sráidbhailte forimeallacha agus bailte beaga forimeallacha á nascadh acu chuig príomhchinn scríbe laistigh den bhaile. Áirítear leo sin busanna a fheastalaíonn ar Institiúid an Chabháin, ar Ospidéal Ginearálta an Chabháin, ar lár an bhaile agus ar an stáisiún bus idiruirbeach. Trí dheanaisc iompair phoiblí a sholáthar chuig Baile an Chabháin agus timpeall an bhaile, cabhraimid leis a fheidhm

mar phríomhspreagthach eacnamaíoch don chontae a chomhlíonadh. Sa bhliain 2019, d’iompair an gréasán bealaí 77,000 paisinéir san iomlán.



Cur chuige áitiúil le haghaidh plean náisiúnta

Is é is BusConnects ann ná an clár atá á reáchtáil againn chun feabhas mór a chur ar sheirbhísí bus i gcathracha na hÉireann. De bhreis ar chathracha, tá sé beartaithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair gréasáin áitiúla bus baile a fhorbairt i roinnt de na bailte móra ar fud na tíre, mar shampla Droichead Átha, an Uaimh, Cathair Chill Chainnigh, Baile Cheatharlach agus bailte eile. I gcás go sainaithnítear éileamh agus go soláthraítear cistiú, tapaíonn an tÚdarás an deis an tseirbhís iompair poiblí a fheabhsú i mbailte den sórt sin.

De bharr an dírithe atá á leagan ag ‘Éire a Nascadh’ ar sheirbhísí tuaithe agus idiruirbeacha a fhorbairt, tá sraith iomlán pleananna ag an Údarás anois chun a chinntiú gurb ann do ghréasán comhtháite iompair poiblí chun bailte agus cathracha a nascadh le chéile ar dhóigh níos fearr agus chun nascacht áitiúil a sholáthar do cheantair thuaithe, agus rochtain ar an mórghréasán iompair poiblí á hoscailt suas.

Cuid thábhachtach den rath is ea comhoibriú áitiúil

Cé go mbeidh feabhsuithe seirbhíse ‘Éire a Nascadh’ faoi stiúir ag an Údarás Náisiúnta Iompair, imreoidh údaráis áitiúla ról tábhachtach in áiteanna nua stad bus a údarú, i saoráidí tiontaithe agus rialála a sholáthar cois bóthair, i bhfeabhas a chur ar an rochtain ar réamhchúirteanna stáisiúin iarnróid agus idiruirbigh, i dtosaíocht a thabhairt do rochtain bus ar lár bailte agus sráidbhailte, agus in obair i gcomhar linn chun úsáid an iompair poiblí a chur chun cinn agus a mhargú. Níl iontu sin ach dornán samplaí de na nithe a theastaíonn chun go n-éireoidh leis an iompar poiblí, agus beidh ar a lán gníomhaireachtaí a seacht ndícheall a dhéanamh chun féachaint leis an iompar poiblí a shuí mar mhodh iompair a roghnaíonn an chuid is mó de dhaoine.

6 Bearnaí sa Ghréasán a Shainaithint

An Cur Chuige i leith Nascacht a Thomhas

Bhaineamar úsáid as cur chuige simplí chun an nascacht a sholáthraítear leis an ngréasán iompair phoiblí atá ann cheana a thomhas.

Feidhmeanna Lonnaíochta Difriúla a Thuiscint

Ní mór d'iompar poiblí éifeachtach naisc leordhóthanacha a sholáthar idir na háiteanna ar mian le daoine dul chucu. Chun nascacht a thomhas, cheapamar tíopeolaíocht lonnaíochta atá comhdhéanta de shé chineál dhifriúla, mar atá leagtha amach thíos. Chuireamar gach lonnaíocht, arna sainiú ag an bPríomh-Oifig Staidrimh i nDaonáireamh 2016, isteach i gcatagóir sa tíopeolaíocht, bunaithe ar an raon seirbhísí atá ar tairiscint i ngach cineál áite. Is bealach soiléir é sin chun a thuiscint cén leibhéal nasc a sholáthraítear le seirbhísí iompair phoiblí atá ann cheana agus cé na háiteanna a bhfuil bearnaí iontu. Is iad seo na cineálacha lonnaíochta a shainaithníomar:

- a. Sráidbhailte
- b. Lárionaid Áitiúla
- c. Bailte Contae
- d. Lárionaid Réigiúnacha
- e. Cathracha

Thugamar ‘forbairt scaipthe’ ar an séú catagóir. Áirítear léi an tithíocht eile uile atá lonnaithe lasmuigh de lonnaíochtaí bunaithe, mar shampla braislí beaga tithe agus tithe aonuaire faoin tuath. Rinneamar anailís ar an ngréasán iompair phoiblí chun a fháil amach an bhfuil nó nach bhfuil sé ag soláthar dea-nasc chuig na háiteanna ar mian le daoine dul chucu.

An Leibhéal Seirbhíse a Thomhas

Fiú i gcásanna ina dtéann bealach bus trí áit ar leith, ní ionann é sin agus a rá go soláthraítear dea-leibhéal seirbhíse leis. Bíonn a lán riachtanas difriúil ag an bpobal a bhíonn ag taisteal. Cé gur rud rídhoiligh é freastal ar gach riachtanas aonair, cheapamar modh chun a chinntiú go bhféadfaí freastal ar sciar i bhfad níos mó den ghá iomlán trí nascacht a shainiú agus trí athruithe inti sin a thomhas faoi chásanna seirbhíse difriúla.

Rialtacht



An féidir liom dul ann lá ar bith is mian liom?
An féidir liom dul abhaile an lá céanna?
An féidir liom rud éigin úsáideach a dhéanamh agus mé ag mo cheann scríbe?
An sroichfidh mé mo cheann scríbe in am?

Aga turais



Cá fhad a thógann sé chun dul ann?

Cómhalartú



An gá dom malartú áit éigin eile chun dul ann?
An féidir liom nasc a dhéanamh gan fanacht ar feadh tréimhse fhada?
An gcinntítear mo nasc?

Costas



Cá mhéad a íocaim?
Conas a fhaighim an luach is fearr?

Mheasamar agaí inghlactha turais le haghaidh turais idir cineálacha difriúla lonnaíochta. Glactar leis anseo gurb amhlaidh, i gcás áiteanna a bhfuil a lán le tairiscint acu, go mbíonn duine toilteanach le níos mó ama a chaitheamh ag taisteal chuige agus le níos mó ama a chaitheamh ann roimh thuras fillidh a thógáil.



Áirítear leis na hamanna thuas amanna feithimh cómhalartaithe atá bunaithe ar chómhgartú amháin in aghaidh an turais nó ar dhá cheann in aghaidh an turais fillidh.

Léargais go dtí seo

Tá Bearnaí ann sa Ghréasán¹

Soláthraítear dea-leibhéal clúdaigh spásúil lasmuigh de na cathracha le gréasán iompair phoiblí TFI atá ann cheana. Cónaíonn 41% den daonra laistigh de 400 méadar ó bhealach nó seirbhís lena n-éascaítear trí thuras fillidh ar a laghad gach lá sa tseachtain, rud lena gcuirtear ar chumas daoine dul áit éigin ar iompar poiblí ag amanna difriúla sa lá agus ar chúiseanna éagsúla nach cúiseanna oibre agus oideachais iad.

I gcás thart ar 26% den daonra (1,215,436 dhuine), ní fhreastalaítear orthu ar chor ar bith nó ní fhreastalaítear orthu ach le leibhéal teoranta seirbhíse iompair phoiblí. Fágann sé sin go bunúsach nach féidir i roinnt cásanna dul chun na hoibre nó chun an oideachais ar iompar poiblí. Tá sé mar chuspóir ag 'Éire a Nascadh' minicíocht na gcásanna sin a laghdú ach níos mó daoine a nascadh chuig níos mó áiteanna ar dhóigh níos minice.

Chuir ár n-anailís ar ár gcumas a shainathint cé na cineálacha lonnaíochta atá dea-nasctha agus cé na háiteanna a bhfuil bearnaí iontu. Tá Lárionaid Áitiúla agus Bailte Contae dea-nasctha chuig Cathracha agus Lárionaid Réigiúnacha. Beidh feidhm shoiléir ag na lonnaíochtaí sin sa todhchaí mar mhoil iompair, a bheidh níos comhtháite le bealaí lena bhfreastalaítear ar lonnaíochtaí beaga.

Is measctha fós atá na torthaí le haghaidh sráidbhailte, áit nach bhfuil dhá cheann as gach cúig shráidbhaile nasctha chuig an mbaile mór in aice leo. Léirítear inár n-anailís freisin go bhfuil roinnt éagsúlachta ann sna leibhéil nascachta ar fud contaetha. Is féidir é sin a chur síos go páirteach don tíreolaíocht áitiúil. I roinnt cásanna, áfach, is de bharr gnéithe den ghréasán iompair phoiblí a bheidh ar iarraidh atá an difríocht sa tseirbhís.

Níl dhá cheann as gach cúig shráidbhaile nasctha chuig an mbaile mór in aice leo.




¹ Tá an anailís bunaithe ar Ghréasán Iompair Phoiblí na bliana 2019

Déanann Tosca Seachtracha difear don leibhéal nascachta is féidir leis an nGréasán a sholáthar

Tá patrún lonnaithe scaipthe ag Éirinn. Cónaíonn thart ar 30% de dhaonra na hÉireann lasmuigh de bhailte agus sráidbhailte bunaithe i dtithe aonuaire nó i bhforbairt 'ribíneach' feadh príomhbhóithre amach as bailte. Ciallaíonn sé sin gurb amhlaidh, i gceantair thuaithe, nach gcónaíonn ach 44% de dhaoine laistigh de thuras 15 nóiméad de shiúl na gcos ó stad bus. De bharr an phatrúin lonnaithe scaipthe, ní éireoidh le gnáthsheirbhísí bealaigh shocraithe ná le cineálacha eile seirbhísí iompair níos solúbtha. Teastóidh uainn réitigh nuálacha chun freastal ar riachtanais na ndaoine a chónaíonn in áiteanna atá ró-iargúlta chun go bhfreastalódh seirbhísí rialta orthu.



Cónaíonn **30%** de dhaonra na hÉireann lasmuigh de bhailte agus sráidbhailte bunaithe i dtithe aonuaire nó i bhforbairt 'ribíneach' feadh príomhbhóithre amach as bailte.



I gceantair thuaithe, ní chónaíonn ach **44%** de dhaoine laistigh de thuras 15 nóiméad de shiúl na gcos ó stad bus.

Turas 15 nóiméad de shiúl na gcos

Is féidir feabhas a chur ar na naisc atá ann cheana

Toradh féideartha atá ar an easpa seirbhísí deireadh seachtaine, tráthnóna agus meán lae laistigh den ghréasán atá ann cheana is ea neamhréir idir clúdach seirbhíse agus an t-éileamh ó chustaiméirí. Toradh féideartha ar amchláir nach bhfuil ag teacht go maith lena chéile is ea easpa comhordúcháin leis an lá oibre agus leis an lá scoile. Rud eile de, is féidir leo teorainn a chur leis an rochtain ar sheirbhísí nasctha. Tá sé mar aidhm leis na feabhsuithe seirbhíse atá beartaithe faoi 'Éire a Nascadh' dul i ngleic le saincheisteanna den sórt sin.

Braithimid an iomarca ar an gcarr chun taisteal

Tá an earnáil iompair ar cheann de na hearnálacha is mó atá freagrach as astaíochtaí carbóin na hÉireann. Is í ár spleáchas ar an gcarr an phríomhchúis leis sin. Is sa charr a thógtar seacht gcinn as gach deich dturas a thógtar in Éirinn agus, rud ba mheasa fós, is sa charr a thógtar leath na dturas gearr atá faoi bhun 2 km ar fad. Ní mór dúinn ár ngnáthiompraíocht taistil a athrú, an carr a fhágáil sa bhaile ar bhonn níos minice agus comaitéireacht a dhéanamh ar bhealaí eile. Gan athrú a dhéanamh sa treo ceart, leanfaimid le plódú tráichta a fheiceáil le linn turas chuig ár gcuid bailte agus cathracha, ónár gcuid bailte agus cathracha agus laistigh dár gcuid bailte agus cathracha agus leanfaimid leis na héifeachtaí gaolmhara ar ár n-aeráid mhear-athraitheach a fhulaingt.

Tionchar phaindéim Covid-19

Tá COVID-19 ag déanamh difear do gach gné de shochaí na hÉireann. Chruthaigh sé dúshlán nach bhfacthas a leithéid riamh don iompar poiblí. Le linn na gcéimeanna difriúla den phaindéim, laghdáíodh toilleadh na seirbhísí uile faoina leath, a bheag nó a mhór, ar feadh tréimhsí fada chun cloí leis an treoird maidir le scaradh sóisialta. Dá ainneoin sin, chomhlíon an t-iompar poiblí ról tábhachtach ina chinntiú go mbeadh oibríthe bunriachtanacha go háirithe in ann dul chun na hoibre.

I roinnt ceantar, athraíodh cuspóir na seirbhíse chun bia agus soláthairtí a iompar chuig codanna iargúlta den phobal ar mhaithe leis an ngá a bhí ag daoine, go háirithe daoine leochaileacha, le dul i mbun taistil a laghdú.

Cé nach féidir linn an todhchaí a thuar, is eol dúinn go bhfuil athruithe sochaíocha ar bun. Meastar go dtiocfaidh athruithe bunúsacha ar an bpatrún freastail ar an obair, rud a d'fhéadfadh roinnt daoine a spreagadh chun athlonnú. Tá baint ag an éileamh ar iompar le gníomhaíocht gheilleagrach agus, de réir mar a théarnaíonn geilleagar na hÉireann, ní mór dúinn a chinntiú go gcuirfear iompar poiblí san áireamh mar phríomhthoisic inár gcinntí infheistíochta chun a chinntiú gurb inbhuanaithe a bheidh an téarnamh.

Dul i dteagmháil lenár gcomhpháirtithe

Chun cur leis an anailís uainn féin, tionóladh sraith ceardlann le hÚdarás Áitiúla agus le gníomhaireachtaí náisiúnta. Tionóladh na ceardlanna ar líne nó 'go fíorúil' mar gheall ar na srianta a forchuireadh de bharr na paindéime. Bhí sé mar aidhm leis na ceardlanna sin tuiscint níos fearr a ghnóthú ar na tosca a imríonn tionchar ar an éileamh taistil ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. Cuireadh na ceardlanna ar siúl ag deireadh na bliana 2020 agus i dtús na bliana 2021. Tionóladh 45 sheisiún san iomlán thar an tréimhse. Tá roinnt de na príomhthéamaí a d'eascair as na ceardlanna sin liostaithe thíos...

Imríonn feidhm na lonnaíochta tionchar ar an éileamh ar an lonnaíocht a rochtain

Tá feidhmeanna difriúla ag lonnaíochtaí, agus is iad na feidhmeanna sin a bhrúnn leibhéal an éilimh thaistil chuig na lonnaíochtaí sin agus amach astu araon chun cinn. Is ‘cinn scríbe’ iad bailte áirithe, agus dobharcheantair áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta acu. Is lonnaíochtaí ‘an-fhéinchothaitheach’ iad freisin. Samplaí de lonnaíochtaí den sórt sin is ea an Clochán agus Cill Airne. Is lonnaíochtaí dórtúir iad bailte eile, amhail an Dún Mór Thoir agus Dún Búinne. Sna lonnaíochtaí sin, bíonn cónaitheoirí spleách ar an taisteal chuig bailte eile ‘ceann scríbe’ chun gur féidir leo raon níos leithne seirbhísí a rochtain. Comhpháirt ríthábhachtach de ghréasán iompair phoiblí a dhearadh is ea tuiscint a ghnóthú ar na feidhmeanna atá ag an lonnaíocht agus ar an athrú beartaithe ar na feidhmeanna sin sa todhchaí.



Is bunriachtanas é gréasán iompair phoiblí atá níos comhtháite

Bíonn sé deacair nó dodhéanta naisc a dhéanamh idir seirbhísí iompair phoiblí mar gheall ar dhroch-chomhtháthú amchlár. Cuireann sé sin teorainn leis an raon seirbhísí a bhíonn inrochtana ag duine a úsáideann an t-iompar poiblí. I gcásanna eile, ní áisiúil a bhíonn amanna teachta agus imeachta seirbhísí. Mar shampla, sroicheann an tseirbhís bus baile mór amach go ródhéanach do dhaoine a chuireann na gnáthuaireanta oibre idir 9 a chlog agus 5 a chlog isteach. Mar mhalairt air sin, tagann an bus go róluath nó imíonn sé go ródhéanach do dhuine atá ag iarraidh dul isteach sa bhaile chun bualadh le cairde nó chun dul ag siopadóireacht i lár an lae. Is féidir leis na tosca sin teorainn a chur lena úsáidí agus lena tharraingtí atá an t-iompar poiblí.

‘Bíonn níos mó i gceist leis an saol ná comaitéireacht a dhéanamh chun na hoibre nó an oideachais’

Bíonn turais chun na hoibre agus an oideachais freagrach as thart ar leath na dturas uile a thógtar gach lá. Ní mór an t-iompar poiblí a bheith ar fáil le haghaidh cuspóirí turais eile, amhail siopadóireacht a dhéanamh, bualadh le daoine, nó seirbhísí áitiúla amhail cúram sláinte a rochtain. Is ag éirí níos tábhachtaí i gcónaí a bhíonn an ról atá le himirt ag an iompar poiblí maidir leis an turasóireacht áitiúil a chothú freisin. Is féidir leis an iompar poiblí tuilleadh deiseanna a chruthú chun taisteal ar bhonn níos leithne ar fud na tíre agus is féidir leis cabhrú le tairbhí eacnamaíocha na turasóireachta a choinneáil i limistéir áitiúla, i gcomparáid le turais thraidisiúnta lae de chóiste.



Comhpháirt thábhachtach den ghréasán foriomlán is ea an t-iarnród

Tá cáilíocht na seirbhísí iarnróid ina gné thábhachtach de shoghluaisteacht contae, go príomha maidir le cur ina luí ar thaistealaithe, agus ar thaistealaithe fadraoin go háirithe, seirbhísí iarnróid a úsáid in ionad an chairr. D'fhéadfaí an gréasán iarnróid reatha a úsáid ar shlí níos fearr chun rogha tharraingteach eile ar an iompar poiblí a sholáthar. Is é a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin seirbhísí imeachta chuig cathracha agus príomhbhailte a sholáthar níos luaithe ar maidin agus níos déanaí sa lá agus stáisiúin as úsáid a athoscailt agus stáisiúin nua a thógáil ar línte atá ann cheana. Tá gá ann freisin le comhtháthú níos fearr le seirbhísí bus chun úsáideoirí iarnróid a dháileadh laistigh de bhailte toisc nach bhfuil formhór na stáisiún iarnróid lonnaithe in aice leis na háiteanna a mbíonn daoine ag iarraidh dul chucu laistigh den bhaile.

An tábhacht a bhaineann le comhroinnt faisnéise thráthúil agus le comhoibriú

Ceann de na prionsabail atá taobh thiar den phlean seo is ea cur chuige comhpháirtíochta comhoibríoch a ghlacadh i leith an gréasán iompair poiblí a phleanáil. Gineadh dioscúrsa luachmhar agus taispeánadh an luach a bhaineann le cur chuige comhoibríoch le linn na teagmhála fairsinge a rinneadh chun bonn eolais a chur faoin bplean. De réir mar a théarnaíonn an tír ón bpaindéim, tiocfaidh patrúin agus treocheaí nua iompair chun cinn. Is é a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin ná aistriú chuig tuilleadh mol cianoibre, tábhacht mhéadaithe a bhaineann leis an turasóireacht áitiúil, agus spásanna uirbeacha a athshamlú chun tús áite a thabhairt do dhaoine seachas don charrthrácht. Beidh sé tábhachtach faisnéis a chomhroinnt go luath faoi na forbairtí sin chun a chinntiú gur féidir feabhsuithe iompair poiblí a phleanáil roimh ré agus na feabhsuithe sin a chur i bhfeidhm nuair is gá.

7 Ár gCur Chuige i leith an Gréasán a Fhorbairt

Cuirfimid prionsabail agus caighdeáin éagsúla i bhfeidhm chun an gréasán a fhorbairt. Áireofar leo sin:

- ▶ Minicíocht na mbealaí atá ann cheana a mhéadú chun níos mó paisinéirí a mhealladh
- ▶ Amchláir úsáideacha chomhtháite a dhearadh
- ▶ Seirbhísí a sceidealú chun go sroichfidh siad lárionad roimh 09:00, go háirithe le haghaidh turais chun na hoibre agus an oideachais
- ▶ Soláthar a dhéanamh do thurais i lár an lae dóibh sin atá ag dul ag siopadóireacht, ag freastal ar choinní sláinte nó ag tabhairt cuairt ar chairde agus ar bhaill teaghlaigh
- ▶ Turas fillidh abhaile a sceidealú ag thart ar 17:30, agus an acmhainneacht ann seirbhísí níos déanaí a sholáthar le haghaidh dul amach agus miondíol tráthnóna in áiteanna ina bhfuil éileamh ann
- ▶ Seirbhísí a sholáthar seacht lá sa tseachtain
- ▶ Bealaí áitiúla a sholáthar a nascfaidh lonnáiocthaí beaga chuig an ngréasán réigiúnach iompair phoiblí, agus amchláir chomhtháite ann lena dtairgfear níos mó deiseanna cómhálartaithe
- ▶ Freastal ar phríomhláithreacha laistigh de bhailte e.g. ospidéal, stáisiúin traenach, institiúidí oideachais, etc.

Bainfear úsáid as na prionsabail thuas chun feabhsuithe ar sheirbhísí bus bealaigh shocraithe a threorú. I lonnáiocthaí scaipthe atá faoi líon beag daoine, ní bheidh bealaí socraithe ina réiteach cuí agus, dá bhrí sin, beidh orainn ár gcur chuige a chur in oiriúint. Is féidir é sin a bhaint amach ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear an gréasán iompair atá freagrúil don éileamh a leathnú agus úsáid a bhaint as cineálacha nuálacha cur chuige i leith feabhas a chur ar nascacht iompair phoiblí sna ceantair sin. Is é an aidhm fhoriomlán na ceantair fhorimeallacha a nascadh chuig an mbaile is gaire dóibh ag amanna sa lá agus sa tseachtain atá úsáideach don chuid is mó de chónaitheoirí.

Cás-Staidéar de chuid ‘Éire a Nascadh’

Chuireamar sampla Leithinis Uíbh Ráthaigh i gContae Chiarraí ar áireamh chun a mhíniú conas a d’anailísíomar an gréasán agus conas a bheartaímid feabhas a chur air le linn ár gcláir oibre ‘Éire a Nascadh’.

Cabhraíonn an léarscáil ‘roimhe’ lena léiriú cé na naisc a sholáthraítear leis an ngréasán atá ann cheana. Léirítear inti cé chomh nasctha is atá Cill Airne, ar príomhbhaile é. Leis na seirbhísí iarnróid agus bus, nasctar an baile chuig ceantar leathan, lena n-áirítear chuig Neidín agus Cathair Saidhbhín. Léirítear inti freisin cé na háiteanna a bhfuil na bearnaí gréasáin iontu. Mar shampla, níl an Caladh agus an tSnaidhm, ar sráidbhailte iad ar Mhórchuard Chiarraí, nasctha chuig seirbhísí rialta iompair phoiblí. Mar an gcéanna, tá a lán sráidbhailte ann soir ó thuaidh ó Chill Airne nach bhfuil seirbhís rialta acu. Fágann sé sin nach bhfuil aon rogha ag daoine a chónaíonn ann nó ar mian leo cuairt a thabhairt air taisteal ansin ar iompar poiblí.

Sampla - Roimhe...

Fíor 7.1: An Gréasán atá ann cheana ar Leithinis Uíbh Ráthaigh, Co. Chiarraí


Léirítear sa léarscáil thíos na seirbhísí amhail Deireadh Fómhair 2020



...agus Ina Dhiaidh

Fíor 7.2: An Gréasán atá Beartaithe ar Leithinis Uíbh Ráthaigh, Co. Chiarraí

Is chun críocha léiriúcháin amháin atá an léarscáil thíos. Tá seans ann gur difriúil a bheidh na feabhsuithe seirbhíse iarbhir



Chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí sin, tá sé beartaithe ag 'Éire a Nascadh' an gréasán atá ann cheana a ollchóiriú. Áirítear iad seo a leanas leis na feabhsuithe beartaithe a bhfuil aiseolas á lorg againn uait ina leith:

- ▶ Bealach 280, ar bealach dhá threo nua é timpeall Mhórchuard Chiarraí a thiocfaidh in áit bhealaí 279A agus 285 atá ann cheana;
- ▶ Bealach 287A, ar uasghrádú é ar bhealach 287A atá ann cheana a oibreoidh seacht lá sa tseachtain idir Cathair Saidhbhín agus Dairbhre;
- ▶ Bealach A51, ar bealach nua é idir Cill Airne agus an Ráth Mhór, trí Chnoc na Graí;
- ▶ Togra Chonair Réigiúnach 2A, ar Conair Réigiúnach í idir Cill Airne agus an Sciobairín trí Neidín, áit a mbeidh busanna ag imeacht gach dhá uair; agus
- ▶ Togra Chonair Réigiúnach 1, ar conair í atá á hoibriú faoi láthair ag Bealach 40 de chuid Expressway. Is é an feabhsú atá beartaithe an mhinicíocht seirbhíse ar an gconair a mhéadú idir Trá Lí, Cill Airne agus Corcaigh.

8 An Comhairliúchán Poiblí

In 'Éire a Nascadh', moltar sraith bealaí nua iompair poiblí agus sraith feabhsuithe ar bhealaí iompair poiblí atá ann cheana. D'fhorbraíomar na tograí sin le chéile mar chuid de phlean comhtháite le haghaidh gréasán iompair poiblí níos fearr ar fud na tíre. Ba mhaith linn do thuairimí a fháil ar na prionsabail deartha a chuireamar i bhfeidhm sa phlean uainn agus beimid ag réachtáil comhairliúchán poiblí ar 'Éire a Nascadh', rud a thosófar go déanach sa bhliain 2021.

San aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo, feicfidh tú na tograí uainn, agus iad curtha i láthair de réir contae. Mar aon le faisnéis tacaíochta eile, is féidir an t-ábhar sin a aimsiú ar ár **suíomh Gréasáin** anseo. Aimseoidh tú ansin freisin nasc chuig ár **suirbhé ar líne**, rud a chumasóidh duit tuairim a thabhairt ar na tograí uainn.




 www.nationaltransport.ie

 ConnectingIreland@nationaltransport.ie

 0818 300121

 Éire a Nascadh, Bosca Oifig Phoist 436,
Páirc Gnó Thuaisceart na Cathrach, Bóthar Thuama,
Co. na Gaillimhe



Suíomh Gréasáin: www.nationaltransport.ie
Ríomhphost: ConnectingIreland@nationaltransport.ie
Fón: 0818 300121
Post: Éire a Nascadh,
Bosca Oifig Phoist 436,
Páirc Gnó Thuaisceart na Cathrach,
Bóthar Thuama,
Co. na Gaillimhe